Parlaimint na hEorpa
2024-2029

TÉACSANNA ARNA nGLACADH

P10_TA(2025)0282

Athnuachan pháirteach Comhaltaí den Chúirt Iniúchóirí - Daniel Caspary

Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa an 25 Samhain 2025 maidir le Daniel Caspary a ainmniú mar Chomhalta den Chúirt Iniúchóirí (C10-0269/2025 – 2025/0809(NLE))

(Comhairliúchán)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint d'Airteagal 286(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá bhun a chuaigh an Chomhairle i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa (C10-0269/2025),

– ag féachaint do Riail 133 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A10-0238/2025),

A. de bhrí, i litir dar dáta an 24 Deireadh Fómhair 2025, go ndeachaigh an Chomhairle i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa maidir le Daniel Caspary a ainmniú mar Chomhalta den Chúirt Iniúchóirí;

B. de bhrí go ndearna an Coiste um Rialú Buiséadach i bParlaimint na hEorpa meastóireacht ar dhintiúir Daniel Caspary, go háirithe i bhfianaise na gceanglas a leagtar síos in Airteagal 286(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh; de bhrí, mar chuid den mheastóireacht sin, go bhfuair an coiste curriculum vitae ó Daniel Caspary agus na freagraí ar an gceistneoir i scríbhinn a cuireadh chuige;

C. de bhrí gur thionóil an coiste ina dhiaidh sin éisteacht an 20 Samhain 2025 le Daniel Caspary, ina ndearna sé ráiteas tosaigh agus inar fhreagair sé ina dhiaidh sin ceisteanna ó chomhaltaí an choiste;

1. ag tabhairt tuairim fhabhrach ar ainmniú Daniel Caspary ag an gComhairle mar Chomhalta den Chúirt Iniúchóirí;

2. á threorú dá hUachtarán an cinneadh seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus, mar fhaisnéis, chuig an gCúirt Iniúchóirí, chuig institiúidí eile an Aontais Eorpaigh agus chuig institiúidí iniúchóireachta na mBallstát.